Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2018**
**(OR. en)**

**12264/18**

**COPS 330**
**CFSP/PESC 832**
**CSDP/PSDC 503**
**POLMIL 143**
**CIVCOM 178**
**EUMC 153**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11950/18 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle lena dtreisítear leis an gComhpháirtíocht Straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le hOibríochtaí Síochána agus Bainistiú Géarchéime: Tosaíochtaí 2019-2021 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle lena dtreisítear leis an gComhpháirtíocht Straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le hOibríochtaí Síochána agus Bainistiú Géarchéime: Tosaíochtaí 2019-2021, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3636ú cruinniú a bhí aici ar an 18 Meán Fómhair 2018.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**
**LENA dTREISÍTEAR LEIS AN gCOMHPHÁIRTÍOCHT STRAITÉISEACH IDIR NA NÁISIÚIN AONTAITHE AGUS AN tAONTAS EORPACH MAIDIR LE hOIBRÍOCHTAÍ SÍOCHÁNA AGUS BAINISTIÚ GÉARCHÉIME: TOSAÍOCHTAÍ 2019-2021**

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit do na Náisiúin Aontaithe (NA), ag feidhmiú di mar eagraíocht dhiongbháilte agus mar chloch choirnéil ag riail agus reacht iltaobhach riailbhunaithe. Molann an Chomhairle an méid atá bainte amach agus aithníonn sí a mhéid a théann an comhar atá ar bun idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach le fada an lá chun tairbhe dóibh araon, comhar i ndáil leis an tsíochánaíocht agus le bainistiú géarchéime sibhialta, póilíneachta agus míleata agus aithníonn sí freisin a thábhachtaí atá sé go leanfaí den dlúthchomhar Eorpach atá ann i dtionól Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. An chomhpháirtíocht sin leis na Náisiúin Aontaithe, cuidíonn sí leis an Aontas agus é ag iarraidh an tsíocháin agus an tslándáil a chur i réim ar fud an domhain, ag tacú dó, ag an am céanna, le hiltaobhachas éifeachtach. Cuireann an tAontas Eorpach tacaíocht pholaitiúil ar fáil do na Náisiúin Aontaithe chomh maith le saineolas, tacaíocht airgeadais agus ceannas polaitiúil i dtaca le sainorduithe na Náisiún Aontaithe. Cuidíonn an dlúthchomhar le misin agus le hoibríochtaí NA-AE gníomhú ar bhealach comhleanúnach agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla slándála atá ann agus, freisin, a áirithiú go mbíonn dea-thoradh inbhuanaithe orthu ar an láthair.

2. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé treisiú leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime agus tacaíonn sí le tosaíochtaí NA-AE do 2019-2021 agus is díol sásaimh di freisin an síneadh a cuireadh le raon feidhme agus le cuspóir oibríochtúil na dtosaíochtaí sin.

3. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé 'Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil' a áirithiú mar thosaíocht uileghabhálach, agus iarrann sí go gcuirfí i bhfeidhm go pras an gealltanas polaitiúil sin agus molann sí go mór dul i mbun gníomhaíochtaí nithiúla a mbeadh tréantionchar acu, go háirithe go mbeadh mná rannpháirteach, ar bhealach fónta, in oibríochtaí síochána, ar gach uile leibhéal agus i ngach uile réimse saineolais.

4. Mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuiltear ag treisiú le coinbhleachtaí a chosc i gcomhthéacs na n-oibríochtaí síochána agus na n-oibríochtaí bainistithe géarchéime agus cuireann sí i bhfáth a thábhachtaí atá anailís chomhpháirteach ar choinbhleachtaí i ndáil leis an méid sin, agus a thábhachtaí freisin atá sásraí scanta ionchais agus sásraí réamhrabhaidh. Ina theannta sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé tacú leis na próisis pholaitiúla agus leis na réitigh pholaitiúla agus is díol sásaimh di comhlántachtaí le comhpháirtíochtaí eile atá ar bun ar bhonn straitéiseach agus ar bhonn polaitiúil, amhail i dtaca le coinbhleachtaí a chosc nó i dtaca leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus i dtaca le gníomhaíochtaí chun ainghníomhartha a chosc, agus i dtaca leis an bhfreagracht atá orainn an tsíocháin a chosaint agus a chothú. Leagann sí béim freisin ar a thábhachtaí atá an nasc idir an tslándáil agus an comhshaol.

5. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé treisiú leis an gcomhar idir misin agus oibríochtaí NA-AE ar an láthair le tuilleadh sineirgí, tuilleadh comhlántachtaí agus tuilleadh comhair a áirithiú, go háirithe i ndáil le lóistíocht, comhroinnt faisnéise agus cumarsáid straitéiseach. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i bhfáth go gcaithfear leas éifeachtach a bhaint as acmhainní, go gcaithfear sócmhainní a chomhroinnt ar bhonn cómhalartach agus go gcaithfear oibriú as lámha a chéile chun an tionchar atá ag na hoibríochtaí síochána sin ar an gcomhshaol a bhainistiú.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuiltear ag féachaint le hathruithe a chur i bhfeidhm ar mhisin agus ar oibríochtaí NA-AE lena áirithiú go mbeidh toradh inbhuanaithe orthu. Ós amhlaidh atá, cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé cur leis na sineirgí idir iad féin agus eagraíochtaí ábhartha eile atá i mbun feidhme sna limistéir chéanna, lena n-áirítear an tAontas Afracach (AA) agus an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE), agus leas a bhaint as an gcomhpháirtíocht tríthaobhach idir na Náisiúin Aontaithe, an tAontas Eorpach agus an Banc Domhanda maidir le measúnaithe iar-ghéarchéime agus pleanáil téarnaimh.

7. Cuireann an Chomhairle i bhfáth a thábhachtaí atá sé cur leis an gcomhar idir na Ballstáit ionas go bhféadfaí a thuar cad é an leibhéal tacaíochta agus rannchuidithe a chuirfidís ar fáil d'oibríochtaí síochána na Náisiún Aontaithe agus do thionscnamh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe dar teideal Gníomhaíocht le haghaidh na Síochánaíochta (A4P) agus do chur chun feidhme na dtionscnamh gaolmhara de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaineann leis an athchóiriú, ar tionscnaimh iad a fhéachann le feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an éifeachtúlacht sa réimse sin. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an tAontas ag tacú leis an Dearbhú maidir le gealltanais chomhroinnte i dtaca le hoibríochtaí síochánaíochta na Náisiún Aontaithe.

8. Molann an Chomhairle na tagairtí a dhéantar i dtosaíochtaí NA-AE do chearta an duine agus don Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta, lena n-áirítear cosaint leanaí agus daoine eile leochaileacha i limistéir choinbhleachta agus i limistéir iarchoinbhleachta. Cuireann sí i dtreis freisin go bhfuil ról nach beag ag na Ballstáit maidir le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac agus a chosc, agus déanamh amhlaidh i gcás teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach freisin.

9. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go n-oibreodh na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach as lámha a chéile i gcás oibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime san Afraic, i gcomhar leis an Aontas Afracach (AA) agus bonn taca a chur ar fáil dó. Sa chomhthéacs sin, molann sí go bhféachfaí ar thionscnaimh eile lena ndaingneofaí an comhar tríthaobhach idir na Náisiúin Aontaithe, an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach, athdhearbhaíonn sí an rún daingean atá aici tacú le tionscnaimh réigiúnacha lena n-áirítear Fórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile agus AMISOM faoi chuimsiú an phróisis trasdula agus meabhraíonn sí go gcaithfear tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil ina leith.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuiltear ag treisiú tuilleadh leis an gcomhar póilíneachta sa chomhthéacs sin, agus go bhfuil síneadh á chur leis an gcomhar maidir le hathchóiriú na hearnála slándála (SSR) ionas go gcumhdófaí anois freisin struchtúr na mbreithiúna agus na bpeannadlann (lena n-áirítear mar fhreagairt ar an sceimhlitheoireacht, ar an gcoireacht eagraithe agus ar an ngáinneáil neamhdhleathach). Thairis sin, cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil an comhar idir an tAontas agus na Náisiún Aontaithe i dtaca leis an bpóilíneacht, i dtaca leis an smacht reachta agus i dtaca le SSR, lena n-áirítear maidir le bainistiú teorann, ríthábhachtach má táthar chun treisiú le teacht aniar na stát leochaileach agus a gcuid sochaithe d'fhonn an choinbhleacht a sheachaint.

11. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an obair atá ar bun chun feabhas a chur ar fheidhmíocht na n-oibríochtaí síochána ar an láthair trí chomhar neartaithe i dtaca le hoiliúint agus le fothú acmhainní, freachnaimh san áireamh, agus béim ar leith á leagan ar bhreis freagrachta ar an leibhéal áitiúil.